

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

1. Corn a dhearadh
2. Comhrá faoi Chorn Liam Mac Chárthaigh

CLUICHE

Múineadh scileanna Iománaíochta

- Grúpaí de 4/5
- Béim ar iompar an tsliotair, pasáil, glacadh, scóráil, taicleáil,
- Críochnú le cluiche iománaíochta

Corp an Cheachta:

1. Léigh an t-alt seo thíos:
Tosaíonn craobh na hÉireann i mí Bhealtaine gach bliain agus críochnaítear é i mí Mheán Fómhair. Gach bliain tagann na mílte ó cheann ceann na tíre go Pháirc an Chrócaigh ar thóir Craobh Iomána nó Peile na hÉireann. Imríodh an chéad Chluiche Ceannais na hÉireann in 1887. Bhuaigh Tiobraid Árann an chéad chluiche ceannais iománaíochta agus bhuaigh Luimneach an chéad chraobh peile. Imríodh na cluichí i mBiorra, Co. Uíbh Fháilí in áit Pháirc an Chrócaigh, áit a n-imrítear inniu iad. Is gaisce mór é d'aon imreoir an corn Liam Mac Carthaigh a bhuacan dá bhfoireann san iomáint nó an corn Sam Maguire a bhúacan don pheil.

2. Labhair leis na daltaí mar gheall ar na coirn úd seo agus taispeáin pictiúr dóibh de na coirn. Ceistigh iad mar gheall ar ainmneacha na gcorn- an bhfuil fhios acu cad as a dtáinig na hainmneacha?
3. Léigh an t-alt faoi Chorn Liam Mac Chárthaigh agus taispeáin pictiúr de dóibh.

Críoch na Ceachta:

Iarr ar na páistí a gcorn féin a dhearadh don iomáint agus mínigh cén fáth gur dhearaigh siad sa treo sin é.

1. An raibh aon duine ag cluichí ceannais?
2. Cá mbíonn cluichí ceannais ar siúl?
3. Cár imríodh an chéad cluiche ceannais?
4. Ce dó a bhronntar Corn Liam Mac Chárthaigh?
5. Cad is brí le CLG?
6. Cad a thig Liam Mac Chárthaigh don CLG chun corn airgid a dhéanamh?

